# Nuacht Litir

# Samhradh 2024

## Sábháilteacht Uisce na hÉireann 15/4/24



Tháinig Rosie Ó Reagan ó Shábháilteacht Uisce na hÉireann isteach ag caint le na gasúir faoi a bheith sábháilte thart ar uisce. Uisce sa mbaile, ar fheirm agus ar an trá. Bhí sé fíor suimiúil agus d'fhoghlaim na gasúir go leor uaithi.

## Féile Scoildrámaíochta 18/4/24




Chuaigh Rang a 4,5,6 suas chuig amharclann Mhuileann gCearr chun páirt a ghlacadh sa bhFéile Náisiúnta Scoildramaiochta. Bhuaigh siad duais don bhunscoil beag is fearr!!!! Nár laga Dia sibh a ghasúir bhí sibh thar barr!!!



## Scríobh Leabhar 2024




Ghlac Rang Síle, Rang Ciara agus Rang Mícheál páirt sa gclár Scríobh Leabhar a bhíonn eagraithe ag Foras na Gaeilge i mbliana. Bhuaigh Méadhbh, David, Fionn, Seán, Éabha, Donnacha (R6) bonn agus beidh ócáid ar siúl i nGaillimh go luath. Míle buíochas le Múinteoir Caroline a bhí ag obair le na gasúir.

## Seó Faisin 26/4/24



Mar chuid den feachtas bailiúcháin airgid bhí seó faisin agus oíche sóisialta againn i dTeach na Céibhe, Ros a' Mhíl. Bhí obair na gcapall curtha isteach ag Patricia Uí Fhátharta (máthair Ríona) agus í a eagrú an ócaid. Bhí gach cineáil éadach ann ó Penneys, Standún, Tí Liam, Ó Donnells's Hardwear, Scéal Eile agus Galway Wedding Centre fuí!! Thug Rós na Gaillimhe (agus iar scolaire) Deirdre Jennings cuairt orainn. Bhí iar scolaire Éabha Nic Dhonnacha ann agus bhronn sí geansaí Rugbaí na hÉireann ar an scoil! Bhí taispeántas Line Dancing ann ag leath ama. Míle buíochas le Máire Bríd Ní Chualáin agus míle buíochas leis an gcoiste agus chuile dhuine a thug cúnamh duinn ar an oíche agus roimh ré. Bhailigh muid €2270!!!

## Bliotsanna Peile na hArdranganna



Bhí an-spraoi arís i mbliana ag na gasúir agus iad ag freastal ar roinnt bliotsanna agus iad ag déanamh ionadaíocht ar son na scoile. D'iompair na gasuir iad fhéin thar barr ag chuile cheann agus d'éirigh go hiontach leo ar an bpáirc peile chomh maith. Sár - pheil á n-imirt acu agus iad fíor shásta leo fhéin ag teacht abhaile le cúpán théis bliots ar an Fháirche théis an ceann is fearr a fhail ar an scoil áitiúil le poinnte amháin sa gcluiche ceannais théis sár thaispeántas peile ón dá fhoireann. Nár laga Dia sibh a ghasúir.

## Bliots Peile na Meánranganna 16/5/24



Bhí bliots peile ag Rang 1,2 agus 3 i Leitir Móir in aghaidh Scoil Thír an Fhia agus Scoil an Tuairín. Bhí an-spraoi ag na gasúir! Buíochas le Joe Joe a d'eagraigh é.

## Turas Scoile na hArdranganna 15/5/24



Chuaigh na hardranganna go dtí an Zú i mBÁC. Bhí an-time acu ag breathnú ar na hainmhithe agus ag spraoi sa páirc spraoi ann. Bhí lón acu sa Meerkat Café. Ansin chuaigh siad

go dtí Ard-Mhúsaem na hÉireann nó Collin's Barracks. Bhí an-lá acu ar fad!!

## Féile Scoildrámaíochta – Cupán 15/5/24



Chuaigh Fionn, Daniel, Abbey agus Aoife C ag bailiú an cupáin i mBÁC ar son na hardranganna. Bhí cóisir againn ag an scoil ina dhiaidh agus muid ag ceiliúradh an éacht iontach seo!! Fair plé dhaoibh a ghasúir!!



## Céad Chomaoineach 18/5/24



Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 2 agus iad ag ceiliúradh a gCéad Chomaoineach i Séipeil Cill Treasa, Ros a Mhíl. Míle buíochas le Nóirín, Síle Ní Chonghaile agus a cóir iontach a bhí linn ar an lá. Agus míle buíochas le na tuistmitheoirí a bhí a tabhairt cúnaimh dúinn agus iad ag réiteach an cóisir beag a bhí againn ar scoil.




## Turas Scoile Meánranganna 21/5/24



Chuaigh na meánranganna go dtí Glengowla Mines. Chuaigh siad síos 40 méadar faoin talamh sna mianaigh!! Chas siad le Floss an madra agus Harry an uan. Ansin chrionaigh siad an lá i Supoermacs agus an páirc spraoi. Bhí an-lá go deo acu!!!



## Turas Scoile Bunranganna/ Gleoiteoga 23/5/24



Bhí lá an-ghnóthach ag na gasúir i Leitir Mealláin. Chuaigh siad go dtí an páirc spraoi, an seomra céadfach, Caife na Feamainne agus Trá Heuston. Bhain na gasúir an-sult as an lá agus iad ag dul abhaile an-tuirseach!!!

## Ranganna Snámh 27/5/24-31/5/24



Bhí seachtain iontach ag gasúir na scoile thíos ag Trá Bharr an Doire. Fuair siad deis iontach snámh a dhéanamh sa bhfarraige chuile mhaidin le Water Safety Ireland. Míle buiocha le Síle, Tara, Mairéad agus Róisín a bhí ag obair leo.

## Bailiúchán Airgid-€100 Míle!!!!



Tá muid chomh buíoch do Choiste an Fheachtais Bailiúcháin Airgid a d'oibrigh chomh crua agus a chur isteach a gcuid ama ar fad i mbliana. Anuas ar sin ní bheadh an t-airgead bailithe gan tuismitheoirí ar fad na scoile. An tacaíocht agus an cúnamh a thug sibh ar fad, chomh maith len méid 50/50 a dhíol sibh. Is iontach an éacht atá déanta agaibh agus beidh a thoradh le feiceáil amach anseo. Scoil bheag le croí mór!!

## Lá Spóirt 14/6/24



Bhí an-lá againn i bpáirc Ros a' Mhíl le haghaidh an lá spóirt i mbliana. Bhí cluichí difriúil againn ar dtús ansin bhí rásaí againn i ranganna. Bhí tarraingt téide againn idir na gasúir agus na múinteoirí. Fuair chuile dhuine bonn agus iad ag dul abhaile! Míle buíochas le Rang a 6 a bhí a tabhairt cúnaimh ar an lá. Bhi sibh iontach ar fad!!

## Cash For Clobber

Míle buiochas le chuile dhuine a thug isteach mála éadach le haghaidh Cash for Clobber.

## Cuimhní Rang a 6

Bhí muid ag cur cheist ar Rang a 6 agus na cuimhní is fearr a bhí acu…..

Abbey…nuair a chuaigh mé go dtí an scoil seo…ag dul chuig an zú agus ag bailiú an cupán le an dráma a bhuaigh muid….

Abigail…nuair a d'imigh muid go dtí Emerald Park agus go hÁrainn…..nuair a bhí yoghurt fight ag Éabha agus Sorcha agus phléasc an iógart chuile áit…..

Aoife C….nuair a bhí páirt Cinnín Óir agam sa dráma agus bhuaigh muid agus chuaigh muid ar an trean go BAC le an cupán a bhailiú…nuair a bhí Joe Joe againn chuile Déardaoin….

Aoife N….nuair a chuaigh muid go dtí Tayto Park agus an Plaza…..nuair a bhí muid ag cleachtadh an dráma agus bhris Sorcha an toilet seat agus í ag athrú a cuid éadaí….

Caolán….nuair a chuaigh muid chuig Emerald Park mar bhí na rides go maith….ag spraoi oscail na geataí, sacar, tip the can le mo chairde….

Donnacha…nuair a bhuaigh muid an bliots peile leis an scoil….nuair a chuaigh mé chun an liathróid a chiceáil shleamhnaigh mé agus thit mé ar mo thóin….

Éabha….nuair a chuaigh muid go dtí Emerald Park agus an Zú….Tá mé an-bhródúil as an duais a bhuaigh muid le haghaidh an dráma. D'oibrigh muid an-chrua….

Lauren….nuair a tháinig me go dtí an scoil seo agus bhuail mé le mo chairde is fearr……tá mé bródúil as gach duine sna hardranganna ag fáil bonn don drámaíocht…..

Luca….ag buachaint an final in aghaidh Ros Muc i gClonbur le seacht bpointe….ag dul ar Cú Chualann le Shane Eabhan agus Donnacha i Tayto Park….

Sorcha…an turas is fearr ná Emerald Park….nuair a bhain mé áit amach i gcluiche ceannais na gcailíní sa mbliots liathróid láimhe….

## Oíche Slán le Rang 6 20/6/24






Bhí oíche an-speisialta againn le Rang a 6 agus a dtuismitheoirí agus muid ag fágáil slán leo. Ghlaoigh Múinteoir Mícheál an rolla don uair deirenach agus bhí píosa cainte  agus cóisir bheag againn.



**Aireoidh muid uainn go mór sibh!!!**










***Ag guí samhradh iontach agaibh go léir!***



***Foireann na Scoile***

***Athoscailt na scoile: 29/8/24***